



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

12 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 205 – Dliteanas comhpháirteach agus leithleach i leith fiacha cánach tríú páirtí – Coinníollacha agus raon feidhme an dliteanais – Comhrac na calaoise CBL – Dliteanas comhpháirteach agus leithleach i leith CBL a íoc, rud a fhágann nach féidir measúnú a dhéanamh ar bhonn ranníocaíocht gach duine inchánach le calaois chánach – Prionsabal na comhréireachta – Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Prionsabal *ne bis in idem* – Critéir maidir le cur chun feidhme – Fíricí a bhaineann le blianta cánach éagsúla faoi ionchúiseamh riaracháin nó coiriúil – Sárú leanúnach le haontacht intinne – Céannacht na bhfíoras)

I gCás C-331/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, afdeling Gent (an Chúirt Chéadchéime, Flóndras Thoir, Rannán Ghent, an Bheilg), trí bhreith an 22 Bealtaine 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 25 Bealtaine 2023, sna himeachtaí

Dranken Van Eetvelde NV

v

Belgische Staat,

tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán an Tríú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Naoú Dlísheomra, S. Rodin agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Dranken Van Eetvelde NV, ag H. Vandebergh, advocaat,

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

– Rialtas na Beilge, ag P. Cottin, A. De Brouwer agus C. Pochet, i gcáil Gníomhairí,
– an Coimisiún Eorpach, ag N. Cambien agus M. Herold, i gcáil Gníomhairí,
tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 5 Meán Fómhair 2024,
an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 205 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1) ('an Treoir maidir le CBL'), prionsabail na comhréireachta agus na neodrachta fiosaí agus Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').
- 2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Dranken Van Eetvelde NV agus Belgische Staat, Federale Overheidsdienst Financiën (an tSeirbhís Cónaidhme Airgeadais Phoiblí, an Bheilg) ('Airgeadas SPF'), maidir le dliteanas comhpháirteach agus leithleach Dranken Van Eetvelde a ghníomhachtú as cáin bhreisluacha ('CBL') a íoc.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

- 3 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 193 den Treoir maidir le CBL:
'Beidh CBL iníoctha ag aon duine inchánach a dhéanann soláthar inchánach earraí nó seirbhísí, ach amháin i gcás ina bhfuil sé iníoctha ag duine eile sna cásanna dá dtagraítear in Airteagail 194 go 199b agus in Airteagal 202.'
- [Aistriúchán neamhoifigiúil]
- 4 Foráiltear le hAirteagail 194 go 200 agus 202 go 204 den Treoir sin, go bunúsach, go bhféadfar a mheas go bhfuil daoine seachas an duine inchánach a dhéanann soláthar inchánach earraí nó seirbhísí faoi dhliteanas i leith CBL a íoc, nó nach mór a mheas go bhfuil siad faoi dhliteanas i leith CBL a íoc fiú.
- 5 Faoi Airteagal 205 den Treoir sin, '[s]na cásanna dá dtagraítear in Airteagail 193 go 200 agus in Airteagail 202, 203 agus 204, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh duine seachas an duine inchánach i leith CBL a íoc faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith CBL a íoc'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Beilge

- 6 Foráiltear le hAirteagal 51a(4) den wet tot invoering van het Wetboek van de belasting over de toegevoegde waarde (an Dlí lena mbunaítear an Cód Cánach Breisluacha) an 3 Iúil 1969 (*Belgisch Staatsblad*, an 17 Iúil 1969, lch. 7046), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('an Cód CBL'):

'4. Beidh gach duine inchánach faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach an cháin a íoc leis an duine atá faoi dhliteanas ina leith faoi Airteagal 51(1) agus (2) más rud é, an tráth a rinne sé idirbheart, go raibh a fhios aige nó gur cheart go mbeadh a fhios aige go ndearnadh nó go ndéanfar neamhióc na cánach, sa slabhra idirbheart, le hintinn an cháin a sheachaint.'

- 7 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 70(1) agus (2) den Chód CBL:

'1. I gcás aon sárú ar an oibleagáid an cháin a íoc, tabhófar fíneáil is ionann agus dhá oiread na cánach a imghabháladh nó a íocadh go déanach.

Tá an fhíneáil sin iníoctha ina haonar ag gach duine de na daoine a gceanglaítear orthu, de bhun Airteagal 51(1), (2) agus (4), Airteagail 51a, 52, 53, 53b, 53h, 54, 55 agus 58 nó de bhun orduithe arna ndéanamh faoi na n-airteagal sin, an cháin a íoc.

[...]

2. I gcás nár eisíodh an sonrasc nó an doiciméad a fhónann mar shonrasc, a gceanglaítear a eisiúint nó a bhunú le hAirteagail 53, 53i agus 54, nó le horduithe arna nglacadh de bhun na nAirteagal sin, nó i gcás ina bhfuil faisnéis mhícheart ann maidir leis an uimhir aitheantais, ainm nó seoladh na bpáirtithe atá páirteach san idirbheart, cineál nó cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí arna soláthar nó praghas nó gabhálaí na n-earraí nó na seirbhísí sin, tabhófar fíneáil is ionann agus dhá oiread na cánach a bheidh dlite ar an idirbheart, suas le híosmhéid EUR 50.

Tá an fhíneáil sin iníoctha ina haonar ag an soláthróir agus ag a chomhpháirtí conarthach. Ní bheidh feidhm aige, áfach, i gcás inar féidir neamhrialtachtaí a mheas mar neamhrialtachtaí de thaisme amháin, go háirithe i bhfianaise líon agus scála na n-idirbheart nach mbunaítear le doiciméid thráthrialta, i gcomparáid le líon agus méid na n-idirbheart a bhí ina n-ábhar do dhoiciméid thráthrialta, nó i gcás nach raibh aon chúis thromchúiseach ag an soláthróir a bheith in amhras faoi stádas an chomhpháirtí chonarthaigh mar dhuine neamh-inchánach.

I gcás ina dtabhóidh duine, mar gheall ar an sárú céanna, an fhíneáil dá bhforáiltear i mír 1 agus an fhíneáil dá bhforáiltear i mír 2, ní bheidh feidhm ach ag an bhfíneáil sin amháin.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

- 8 Rinne údaráis chánach na Beilge imscrúdú cánach ar Dranken Van Eetvelde, cuideachta atá corpraithe faoi dhlí na Beilge atá gníomhach i dtrádáil mhórdhíola agus mhiondíola deochanna, maidir le cur i bhfeidhm CBL don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2011. D'aimsigh sí roinnt sáruithe ar reachtaíocht agus rialacháin CBL, ar cuireadh in iúl don chuideachta sin iad an 3 Nollaig 2018.

- 9 Bhí Dranken Van Eetvelde faoi réir srian ansin, a eisíodh an 10 Nollaig 2018 agus a dearbhaíodh a bheith infhorfheidhmithe an 11 Nollaig 2018, lenar ceanglaíodh air meabhrúchán CBL EUR 173 512.56 a íoc (EUR 141 665.30 le haghaidh dliteanas comhpháirteach agus leithleach agus EUR 31 847.26 le haghaidh aisíocaíocht CBL ar bhonn nótaí creidmheasa a eisíodh go mícheart), fíneáil EUR 347 000 (EUR 173 512.56 x 200 %) as faisnéis mhícheart ar na sonraisc a eisíodh, agus fíneáil EUR 283 320 (EUR 141 665.30 x 200 %) as neamhíocaíocht CBL.
- 10 Sa tuarascáil a tharraing an t-oifigeach tuairiscithe suas le linn an imscrúdaithe sin, luadh go raibh Dranken Van Eetvelde faoi réir seiceálacha, cánacha agus ciontuithe breithiúnacha roimhe sin maidir leis na cionta céanna a bhaineann leis na tréimhsí ón 1 Eanáir 2000 go dtí an 31 Nollaig 2002 agus ón 1 Eanáir 2003 go dtí an 31 Nollaig 2004. I ndáil leis sin, le breithiúnais an 10 Aibreán agus an 17 Samhain 2008, admhaíodh gur eagraigh an chuideachta sin córas chun sonraisc bhréagacha a eisiúint nár seachadadh na hearraí a luaitear ar na sonraisc sin ar na custaiméirí a luaitear ar na sonraisc sin ach ar chustaiméirí inchánacha, caiféanna, óstáin nó bialanna. Mar thoradh ar na himeachtaí sin, gearradh fíneálacha ar an gcuideachta sin, a tháinig chun bheith cinntitheach.
- 11 An 21 Nollaig 2018, chuir Dranken Van Eetvelde ráiteas freasúra i gcoinne srian an 10 Nollaig 2018 os comhair an rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, afdeling Gent (an Chúirt Chéadchéime, Flóndras Thoir, Rannán Ghent, an Bheilg), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.
- 12 Ag an am céanna, bhí an chuideachta sin ina hábhar imeachtaí coiriúla as cionta a rinneadh le linn na mblianta 2012 go 2014. Le breithiúnas an 18 Meitheamh 2019, d'ordaigh an rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, afdeling Dendermonde (an Chúirt Chéadchéime, Flóndras Thoir, Rannán Termonde, an Bheilg), ina suí in ábhair choiriúla, don chuideachta sin fíneáil EUR 20 000 a íoc as brionnú cánach agus úsáid doiciméad bréagach sna blianta 2012 go 2014 i ndáil le CBL agus cáin ioncaim, chomh maith le neamhdhearbhú cánach ioncaim agus neamhdhearbhú díolachán agus CBL atá dlite ar na díolacháin sin, agus iad go léir le hintinn chalaoiseach nó d'aon ghnó díobháil a dhéanamh. Baineadh úsáid as an ngné d'aon ghnó sin ar an bhforas gur chuir Dranken Van Eetvelde go mór agus go fíor-riachtanach le córas calaoise, rud a chuir ar chumas a chustaiméirí gnó deochanna a dhíol ar an 'margadh dubh'.
- 13 Sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, áitíonn Dranken Van Eetvelde, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte, nach féidir aon duine a chur faoi dhliteanas gan choinníoll as calaois a rinne duine eile. Sháródh diandliteanas den sórt sin teorainneacha an méid is gá chun cearta an Státhiste a chosaint agus chun calaois chánach a chomhrac. Is é an toradh a bheadh air sin go sárófaí prionsabal na comhréireachta.
- 14 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhforáiltear le hAirteagal 51a(4) de Chód CBL do dhiandliteanas den sórt sin, atá de chineál neamhchoinníollach, agus a d'fhéadfadh, dá bhrí sin, a bheith contrártha do phrionsabal na comhréireachta agus/nó na neodrachta i réimse CBL. Dá bhrí sin, tá an freagra ar an gceist an bhfuil an fhoráil sin contrártha d'Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise na bprionsabal sin, tábhachtach chun a mheas an gceanglaítear ar Dranken Van Eetvelde an CBL a seachnaíodh a íoc.

- 15 Anuas air sin, cuireann an chúirt sin in iúl go bhfuil cur i bhfeidhm an phrionsabail *ne bis in idem* éagsúil ag brath ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an prionsabal sin le réimse na cánach ioncaim nó CBL. Ní mór scrúdú a dhéanamh ar an gceist maidir le dúbailt pionós riaracháin agus coiriúil i ndáil le haonad intinne i bhfianaise an phrionsabail sin, a léirítear go sonrach in Airteagal 50 den Chairt.
- 16 Sna himthosca sin, chinn an rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, afdeling Gent (an Chúirt Chéadchéime, Flóndras Thoir, Rannán Ghent, an Bheilg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:
- ‘1) An sáraítear, le hAirteagal 51a(4) de [Chód CBL], Airteagal 205 de [Threoir CBL], arna léamh i gcomhar le prionsabal na comhréireachta, os rud é go bhforáiltear leis an bhforáil sin do dhliteanas foriomlán neamhchoinníollach agus nach féidir leis an gcúirt é a mheas i bhfianaise rannpháirtíocht an duine aonair sa chalaois chánach?
- 2) An sáraítear, le hAirteagal 51a(4) de [Chód CBL], Airteagal 205 de [Threoir 2006/112] maidir le córas comhchoiteann CBL, arna léamh i gcomhar le prionsabal na neodrachta i réimse CBL, i gcás go gcaithfear an fhoráil sin a léiriú sa chaoi go bhfuil duine faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach as cáin breisluacha a íoc in ionad an fhéichiúnaí dhlíthiúil, gan gá a chur san áireamh an asbhaint de cháin breisluacha a d’fhéadfadh an féichiúnaí dlíthiúil sin a dhéanamh?
- 3) An gcaithfear Airteagal 50 den [Chairt] a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear pionóis (riaracháin agus choiriúla) charnacha de chineál coiriúil, a bhfuil imeachtaí difriúla ina mbunús leo, i ndáil le gníomhartha atá díreach mar an gcéanna ó thaobh ábhair de ach a rinneadh thar blianta as a chéile (ach chaithfí leo, faoin dlí coiriúil, mar cion leanúnach ag a bhfuil críoch amháin) agus ina dtugtar faoi ionchúiseamh riaracháin i leith na ngníomhartha i mbliain amháin agus ionchúiseamh coiriúil i mbliain eile? Nach gcaithfear caitheamh leis na gníomhartha sin mar ghníomhartha atá doscartha óna chéile ós rud é gur rinneadh iad thar blianta as a chéile?
- 4) An gcaithfear Airteagal 50 den [Chairt] a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfaí imeachtaí a thionscnamh chun fíneáil riaracháin de chineál coiriúil a chur ar dhuine i ndáil le gníomh dá gciontaíodh é go críochnaitheach ina leith cheana féin faoin dlí coiriúil, cé go dtugtar faoin dá shraith imeachtaí go hiomlán neamhspleách ar a chéile agus gurb é an t-aon ráthaíocht go mbeidh déine na bpíonós go léir a chuirfeadh i gcomhréir le déine an chiona faoi cheist ná go bhféadfaí an chúirt chánach athbhreithniú comhréireachta a dhéanamh sa chás, d’ainneoin nach leagtar síos aon rialacha ina leith sin sa reachtaíocht náisiúnta ná aon rialacha lena gceadófar don údarás riaracháin a chur san áireamh an pionós coiriúil a cuireadh cheana féin?’

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

- 17 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear, chun bailiú CBL a áirithiú, do

dhiandliteanas comhpháirteach agus leithleach duine inchánach seachas an duine a bheadh faoi dhliteanas i leith na cánach sin de ghnáth, gan an chúirt inniúil a bheith in ann, áfach, lánrogha a fheidhmiú de réir rannchuidiú na ndaoine éagsúla a bhfuil baint acu le calaois chánach.

- 18 Faoi Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagail 193 go 200 agus 202 go 204 den Treoir sin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh duine seachas an duine atá faoi dhliteanas i leith CBL a íoc faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith CBL a íoc.
- 19 Tá Airteagail 193 go 200 agus 202 go 204 den Treoir maidir le CBL ina gcuid de Roinn 1 de Chaibidil 1 de Theideal XI den Treoir sin, dar teideal ‘Dliteanas cánach don Stáitchiste’. Leis na hAirteagail sin, cinntear na daoine atá faoi dhliteanas CBL a íoc. Cé go bhforáiltear le hAirteagal 193 den Treoir sin, mar riail bhunúsach, go mbeidh CBL le híoc ag duine inchánach a dhéanann soláthar inchánach earraí nó seirbhísí, sonraítear ann, mar sin féin, go bhféadfaidh nó nach mór do dhaoine eile a bheith faoi dhliteanas an cháin sin a íoc sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 194 go 199b agus 202 den Treoir sin.
- 20 Tá sé i gceist le forálacha Roinn 1 de Chaibidil 1 de Theideal XI de Threoir CBL, lena n-áirítear Airteagal 205 den Treoir sin, an duine atá faoi dhliteanas i leith CBL a íoc a shainaithint de réir cásanna éagsúla. Agus é sin á dhéanamh, is é cuspóir na bhforálacha sin a áirithiú go mbaileoidh an Stáitchiste CBL go héifeachtach ón duine is iomchuí i bhfianaise na staide atá beartaithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Bealtaine 2021, *ALTI*, (C-4/20, EU:C:2021:397, mír 28).
- 21 Ceadaítear le hAirteagal 205 den Treoir maidir le CBL, i bprionsabal, do na Ballstáit bearta a ghlacadh, d’fhonn CBL a bhailiú go héifeachtach, ar dá mbun a chuirtear duine seachas an duine atá faoi dhliteanas an cháin sin a íoc de ghnáth faoi Airteagail 193 go 200 agus 202 go 204 den Treoir sin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach maidir leis an gcáin sin a íoc (breithiúnas an 20 Bealtaine 2021, *ALTI*, C-4/20, EU:2021:397, mír 29).
- 22 Ós rud é nach sonraítear in Airteagal 205, áfach, na daoine a fhéadfaidh na Ballstáit a ainmniú mar fhéichiúnaithe comhpháirteacha agus leithleacha ná na cásanna inar féidir ainmniú den sórt sin a dhéanamh, is faoi na Ballstáit atá sé na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme an dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh dá bhforáiltear san Airteagal sin a chinneadh i gcomhréir, go háirithe, le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na comhréireachta (breithiúnas an 20 Bealtaine 2021, *ALTI*, C-4/20, EU:C:2021:397, míreanna 31 agus 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 23 Maidir leis an bprionsabal deireanach sin, i bhfianaise go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a dhéanamh ar Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL, cé go bhfuil sé dlisteanach go bhféachfadh na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit le cearta an stáitchiste phoiblí a chaomhnú chomh héifeachtach agus is féidir, níor cheart dóibh dul thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Bealtaine 2021, *ALTI*, C-4/20, EU:C:2021:397, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 24 Sa chomhthéacs sin, ní mór údar cuí a bheith le feidhmiú na cumhachta a thugtar do na Ballstáit duine atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach a ainmniú seachas an duine atá faoi dhliteanas an cháin a íoc chun bailiú éifeachtach na cánach sin a áirithiú leis an gcaidreamh fíorasach agus/nó dlíthiúil idir an bheirt lena mbaineann i bhfianaise phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na comhréireachta. Is faoi na Ballstáit atá sé na himthosca ar leith a

shonrú ina mbeidh duine amhail faighteoir idirbhirt inchánach faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith an cháin atá dlite ag a chomhpháirtí conarthach a íoc (breithiúnas an 20 Bealtaine 2021, *ALTI*, C-4/20, EU:C:2021:397, mír 34).

- 25 Sa chomhthéacs sin, ní mór a mheabhrú gur cuspóir é an comhrac i gcoinne calaoise, seachaint agus mí-úsáid cánach a d'fhéadfadh a bheith ann a aithnítear agus a spreagtar le reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcomhchóras CBL agus go bhfuil toirmeasc ar shocruithe atá go hiomlán saorga nach léiríonn réaltacht eacnamaíoch agus a dhéantar chun buntáiste cánach a fháil agus chun na críche sin amháin mar thoradh ar phrionsabal an toirmisc ar mhí-úsáid ceart (breithiúnas an 20 Bealtaine 2021, *ALTI*, C-4/20, EU:C:2021:397, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 26 Chinn an Chúirt, dá bhrí sin, go gceadaítear le hAirteagal 205 den Treoir maidir le CBL do Bhallstát duine a chur faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith CBL i gcás ina raibh a fhios aige nó inar cheart go mbeadh a fhios aige, tráth an idirbhirt a rinneadh ina fhabhar, go bhfanfadh an cháin atá dlite ar an idirbheart sin nó ar idirbheart roimhe sin nó ina dhiaidh sin gan íoc, agus brath ar thoimhdí ina leith sin, ar choinníoll nár ceapadh na toimhdí sin ar bhealach ina mbeadh sé dodhéanta go praiticiúil nó ródheacair don duine inchánach iad a fhrisnéis trí chruthúnas dá mhalairt agus go mbunófaí dá bhrí sin córas diandhliteanais, a rachadh thar a bhfuil riachtanach chun cearta an airgid phoiblí a chosaint. Ní mór d'oibreoirí a dhéanann gach beart a d'fhéadfaí a cheangal orthu go réasúnach a áirithiú nach bhfuil a n-idirbhearta mar chuid de shlabhra mí-úsáideach nó calaoiseach a bheith in ann brath ar dhlíthiúlacht na n-idirbheart sin gan riosca a bheith ann go mbeidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach an cháin sin atá dlite ag duine inchánach eile a íoc (breithiúnas an 20 Bealtaine 2021, *ALTI*, C-4/20, EU:C:2021:397, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 27 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, tosaíonn an chúirt a rinne an tarchur ón mbonn go bhforáiltear le hAirteagal 51a(4) de Chód CBL, atá i gceist sna príomhimeachtaí, do dhliteanas 'gan locht', a d'fhéadfadh, ar an gcúis sin, a bheith contrártha do phrionsabal na comhréireachta. Is ag an gcúirt sin amháin atá an dlínse fíorais na díospóide sin a aimsiú agus a mheas agus an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm (breithiúnas an 29 Iúil 2024, *protectus*, C-185/23, EU:C:2024:657, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 28 Mar sin féin, ceanglaítear ar an gCúirt freagra a thabhairt don chúirt sin a bheidh úsáideach i gcomhthéacs an nós imeachta comhair dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, tá dlínse aici treoir a thabhairt don chúirt sin ón gcomhad sna príomhimeachtaí agus ó na barúlacha i scríbhinn a cuireadh faoina bráid, ionas go mbeidh an chúirt sin in ann breithiúnas a thabhairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *NordicInfo*, C-128/22, EU:C:2023:951, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 29 Is léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte, faoi Airteagal 51a(4) den Chód CBL, go bhfuil gach duine inchánach le bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach maidir le híocaíocht na cánach leis an duine atá faoi dhliteanas ina leith más rud é, tráth a rinne sé idirbheart, 'go raibh a fhios aige nó gur cheart go mbeadh a fhios aige go ndearnadh nó go ndéanfar neamhíocaíocht na cánach, i slabhra na n-idirbheart, d'fhonn an cháin a sheachaint'.
- 30 I ndáil leis sin, agus faoi réir na bhfíoruithe atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní mór a thabhairt faoi deara, mar a thugann Rialtas na Beilge agus an Coimisiún Eorpach le fios ina mbarúlacha i scríbhinn, nach bhforchuirtear leis an bhforáil sin dliteanas comhpháirteach agus leithleach 'gan locht', a bheadh contrártha do phrionsabal na comhréireachta, de réir bhrí an

chásdlí dá dtagraítear i mír 26 den bhreithiúnas seo, ós rud é go dtagann an duine inchánach lena mbaineann chun bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith CBL atá dlite a íoc leis an duine atá faoi dhliteanas i leith an dliteanais sin ach amháin más rud é go raibh a fhios aige nó gur cheart go mbeadh a fhios aige go raibh sé rannpháirteach i gcalaois CBL.

- 31 Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go gceanglaítear le hAirteagal 205 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, go bhféadfadh an toimhde ar a bhfuil Airteagal 51a(4) den Chód CBL bunaithe, chun a mheas go bhfuil duine inchánach faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith an CBL atá dlite a íoc leis an duine atá faoi dhliteanas ina leith, a bheith infhrisnéise, sa chiall nach bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair don duine inchánach sin an toimhde sin a fhrisnéis trína mhalairt a chruthú.
- 32 Chun an toimhde sin a fhrisnéis, ní mór don duine inchánach lena mbaineann a bheith in ann a shuíomh go bhfuil aon bheart déanta aige a d'fhéadfaí a cheangal air go réasúnach a dheimhniú dó féin nach cuid de chóras calaoiseach na sonrasc bréagach iad na hidirbhearta a dhéanann sé.
- 33 Ar an dara dul síos, maidir leis an bhfíoras go gceanglaítear le hAirteagal 51a(4) den Chód CBL ar an duine inchánach atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach méid iomlán CBL atá dlite a íoc, gan cead a thabhairt don chúirt discréd a fheidhmiú de réir ranníocaíocht na ndaoine éagsúla a bhfuil baint acu le calaois chánach, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar dtús, go leanann sé as cineál an 'dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh', amhail an dliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL, go bhfuil gach duine atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach faoi dhliteanas an méid iomlán CBL atá dlite a íoc (féach, de réir analaí, breithiúnas an 18 Bealtaine 2017, *Latvijas Dzēlzeļš*, C-154/16, EU:C:2017:392, mír 85).
- 34 Anuas air sin, tá an léiriú sin ar an gcoincheap 'dliteanas comhpháirteach agus leithleach' i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú le hAirteagal 205 den Treoir maidir le CBL, atá beartaithe, mar a thugtar faoi deara i míreanna 20 agus 21 den bhreithiúnas seo, chun a áirithiú go mbaileoidh an sparán poiblí CBL go héifeachtach ón duine is iomchuí i bhfianaise na staide atá beartaithe.
- 35 Dá gceanglófaí athrú ar an oibleagáid, ar thaobh an duine atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach, CBL atá dlite a íoc, rud a bhraitheann ar sciar dliteanais, chiallódh sé sin, go háirithe, i gcás calaoise, go gcinneadh an sparán poiblí agus, i gcás inarb iomchuí, an chúirt atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht an duine sin, ranníocaíochtaí faoi seach na ndaoine uile a bhfuil baint acu leis an gcalaois sin ar dtús. Seachas go mbeadh an cur chuige sin contrártha do phrionsabal an dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh a leagtar síos in Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL, d'fhéadfadh sé a bheith thar a bheith deacair cinneadh den sórt sin a dhéanamh i gcás socruithe cánach calaoiseacha casta a bhfuil an-teimhneacht ag baint leo.
- 36 Dá bhrí sin, ceanglaítear le hAirteagal 205 den Treoir maidir le CBL go bhféadfar a cheangal ar an duine inchánach atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith CBL a íoc an méid iomlán CBL a íoc ina aonar, gan beann ar mhéid rannpháirtíochta an duine inchánach sin i gcalaois chánach.
- 37 Mar a luann Rialtas na Beilge, go bunúsach, tá an léiriú sin gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha rialacha náisiúnta an dlí shibhialta lena rialaítear an gaol idir an duine inchánach atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach maidir le CBL a íoc, de réir bhrí Airteagal 51a(4) den Chód CBL, agus an duine inchánach atá faoi dhliteanas i leith na cánach sin de ghnáth, lena

gceadófaí, i gcás inarb iomchuí, don chéad duine inchánach sin brath ar an dara duine inchánach sin chun an t-ualach eacnamaíoch iomlán a leithdháileadh de réir ranníocaíocht gach duine leis an bhfiach cánach.

- 38 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear, chun bailiú CBL a áirithiú, do dhliteanas dian comhpháirteach agus leithleach duine inchánach seachas an duine a bheadh faoi dhliteanas i leith na cánach sin de ghnáth, gan an chúirt a bhfuil dlínse aici, áfach, a bheith in ann discréd a fheidhmiú i bhfianaise rannchuidiú na ndaoine éagsúla a bhfuil baint acu le calaois chánach, ar choinníoll go bhfuil sé de chumhacht ag an duine inchánach sin a shuíomh go bhfuil aon bheart glactha aige a d'fhéadfaí a cheangal air go réasúnach a shásamh nach raibh na hidirbhearta a rinne sé mar chuid den chalaois sin.

An dara ceist

- 39 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na neodrachta fioscaí, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta lena bhforchuirtear oibleagáid chomhpháirteach agus leithleach CBL a íoc ar dhuine inchánach seachas an duine a bheadh faoi dhliteanas i leith na cánach sin de ghnáth, gan ceart an duine sin CBL ar ionchur atá dlite nó íoctha a asbhaint a chur san áireamh.
- 40 Is bunphrionsabal de chuid an chomhchórais CBL é an ceart atá ag daoine inchánach CBL atá dlite nó íoctha ar earraí a fhaigheann siad agus ar sheirbhísí a fhaigheann siad mar ionchuir agus a úsáidtear chun críocha gníomhaíochta inchánach a asbhaint ó CBL a bhfuil siad faoi dhliteanas ina leith. Dá bhrí sin, is dlúthchuid den sásra CBL é an ceart asbhainte dá bhforáiltear in Airteagal 167 et seq. den Treoir maidir le CBL agus ní féidir é a theorannú, i bprionsabal, má chomhlíonann daoine inchánach ar mian leo an ceart sin a fheidhmiú na ceanglais nó na coinníollacha substainteacha agus foirmiúla araon a bhfuil an ceart sin faoina réir (breithiúnas an 24 Samhain 2022, *Finanzamt M (Raon feidhme an chirt chun CBL a asbhaint)*, C-596/21, EU:C:2022:921, mír 21).
- 41 Tá sé beartaithe leis an gcóras asbhainte faoiseamh iomlán a thabhairt don trádálaí ó ualach an CBL is iníoctha nó a íoctar le linn a chuid gníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir. Dá bhrí sin, ráthaítear leis an gcomhchóras CBL neodracht cánach na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha uile, is cuma cad é cuspóir nó torthaí na ngníomhaíochtaí sin, ar choinníoll go bhfuil na gníomhaíochtaí sin, i bprionsabal, faoi réir CBL (breithiúnas an 24 Samhain 2022, *Finanzamt M (Raon feidhme an chirt chun CBL a asbhaint)*, C-596/21, EU:C:2022:921, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 42 É sin ráite, is cuspóir é cosc a chur ar chalaois, seachaint agus mí-úsáid cánach a d'fhéadfadh a bheith ann a aithnítear agus a spreagtar leis an Treoir maidir le CBL, ionas nach féidir le daoine aonair brath go calaoiseach ná go mí-úsáideach ar rialacha dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, is faoi na húdaráis náisiúnta agus na cúirteanna náisiúnta atá sé diúltú an ceart asbhainte a dheonú má shuítear, i bhfianaise tosca oibiachtúla, go bhfuiltear ag brath ar an gceart sin chun críocha calaoiseacha nó mí-úsáideacha (breithiúnas an 24 Samhain 2022, *Finanzamt M (Raon feidhme an chirt chun CBL a asbhaint)*, C-596/21, EU:C:2022:921, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 43 Dá bhrí sin, ní mór an ceart asbhainte a dhiúltú ní hamháin i gcás ina ndéanann an duine inchánach féin calaois, ach freisin i gcás ina suitear gur soláthraíodh nó gur soláthraíodh an duine inchánach, ar a raibh na hearraí nó na seirbhísí lena mbunaítear an ceart asbhainte bunaithe, gurbh eol dó nó gur cheart gurbh eol dó, trí na hearraí nó na seirbhísí sin a fháil, go raibh sé rannpháirteach in idirbheart a bhaineann le calaois CBL, nó gur éascaíodh ar a laghad idirbheart den sórt sin. Ní mór a mheas, chun críocha na Treorach maidir le CBL, go bhfuil duine inchánach den sórt sin rannpháirteach sa chalaois, gan beann ar cibé acu a fhaigheann nó nach bhfaigheann sé brabús as athdhíol na n-earraí nó as úsáid na seirbhísí i gcomhthéacs na n-idirbheart inchánach a dhéanann sé, ós rud é, i gcás den sórt sin, go dtugann an duine inchánach sin lámh do dhéantóirí na calaoise sin agus go dtagann sé chun bheith ina chomhchoirí di (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Samhain 2022, *Finanzamt M (Raon feidhme an chirt chun CBL a asbhaint)*, C-596/21, EU:C:2022:921, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 44 Sa chás seo, ní mór a chur in iúl go mbaineann an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú leis an gceist an bhfuil an duine inchánach, atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach maidir le CBL a íoc in ionad an duine atá faoi dhliteanas maidir leis an gcáin sin a íoc, de bhun foráil náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL chun feidhme, i dteideal a chur san áireamh, i ndáil leis an CBL nach mór dó a íoc, an ceart CBL a asbhaint a d'fhéadfadh an duine sin atá faoi dhliteanas CBL a íoc. Thairis sin, ní bhaineann an cheist sin ach le cásanna ina dtagann dliteanas comhpháirteach agus leithleach i leith CBL a íoc ó Airteagal 51a(4) den Chód CBL, a bhaineann, de réir sainmhíniú, le cásanna calaoise CBL.
- 45 I gcásanna calaoise den sórt sin, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 42 agus 43 den bhreithiúnas seo, ní mór an ceart chun CBL a asbhaint a dhiúltú don duine inchánach atá faoi dhliteanas i leith CBL. Dá bhrí sin, a mhéid nach féidir leis an duine inchánach sin aon cheart a éileamh chun an cháin sin a asbhaint, ní féidir ceart asbhainte den sórt sin a aistriú, *a fortiori*, chuig an duine inchánach atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach as an gcáin sin a íoc faoin bhforáil náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL.
- 46 Is amhlaidh is mó é sin ós rud é, de réir fhoclaíocht Airteagal 51a(4) den Chód CBL, nach bhforáiltear do dhliteanas comhpháirteach agus leithleach duine inchánach seachas an duine inchánach atá faoi dhliteanas i leith CBL a íoc ach amháin i gcás ina raibh an duine inchánach atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach ar an eolas freisin nó gur cheart go mbeadh sé ar an eolas go bhfuil neamhiocaíocht na cánach, i slabhra na n-idirbheart, geallta nó go ndéanfar é d'fhonn an cháin sin a sheachaint.
- 47 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 205 den Treoir maidir le CBL, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na neodrachta fioscaí, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta lena bhforchuirtear oibleagáid chomhpháirteach agus leithleach CBL a íoc ar dhuine inchánach seachas an duine a bheadh faoi dhliteanas i leith na cánach sin de ghnáth, gan ceart an duine sin CBL ionchuir atá dlite nó íoctha a asbhaint a chur san áireamh.

An tríú ceist

- 48 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 50 den Chairt a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear pionóis choiriúla agus pionóis riaracháin de chineál coiriúil a dhúbailt, a eascraíonn as imeachtaí éagsúla,

i leith gníomhartha den chineál céanna a tharla, áfach, i mblianta cánach comhleanúnacha, atá ina n-ábhar d'imeachtaí riaracháin de chineál coiriúil ar feadh bliain chánach amháin agus d'imeachtaí coiriúla ar feadh bliain chánach eile.

- 49 Foráiltear le hAirteagal 50 den Chairt mar seo a leanas: 'ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh é nó í go críochnaitheach san Aontas i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí'. Dá réir sin, cuirtear cosc leis an bprionsabal *ne bis in idem* ar charnadh imeachtaí agus pionós atá de chineál coiriúil de réir bhrí an Airteagail sin i ndáil leis na fíorais chéanna agus i gcoinne an duine chéanna (breithiúnas an 20 Márta 2018, *Menci*, C-524/15, EU:C:2018:197, mír 25 agus an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 24).
- 50 Tá cur i bhfeidhm an phrionsabail *ne bis in idem* faoi réir coinníoll dubailte, eadhon, ar an gcéad dul síos, nach mór cinneadh críochnaitheach a bheith ann roimhe seo (coinníoll '*bis*') agus, ar an dara dul síos, nach mór na fíorais chéanna a chumhdach leis an gcinneadh a rinneadh roimhe seo agus leis na himeachtaí nó na cinntí a rinneadh ina dhiaidh sin (coinníoll '*idem*') (breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 28).
- 51 Maidir leis an gcoinníoll '*idem*', de réir chásdlí socair na Cúirte, is é an critéar ábhartha lena ndéantar measúnú i dtaobh an é an cion céanna ná céannacht na bhfíoras ábhartha, a thuigtear mar thacar d'imthosca nithiúla atá dodhealaithe óna chéile agus ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh go críochnaitheach an duine atá i dtrácht ar a mbonn. Dá réir sin, toirmeasctar le hAirteagal 50 den Chairt, i leith fíorais chomhionanna, roinnt pionóis de chineál coiriúil a fhorchur i ndiaidh nósanna imeachta éagsúla arna reáchtáil chun na gcríoch sin (breithiúnais an 20 Márta 2018, *Menci*, C-524/15, EU:C:2018:197, mír 35, agus an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 33).
- 52 Thairis sin, níl aicmiú dlíthiúil na bhfíoras agus an leasa dhlíthiúil faoi chosaint, faoin dlí náisiúnta, ábhartha chun a shuíomh gurb ann don chion céanna, ós rud é nach féidir raon feidhme na cosanta a thugtar le hAirteagal 50 den Chairt a bheith éagsúil ó Bhallstát go chéile (breithiúnais an 20 Márta 2018, *Menci*, C-524/15, EU:C:2018:197, mír 36, agus an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 34).
- 53 Mheabhraigh an Chúirt go gceanglaítear leis an gcoinníoll '*idem*' go mbeidh na fíorais ábhartha comhionann. Ar an taobh eile, níl sé i gceist go mbeidh feidhm ag an bprionsabal *ne bis in idem* i gcás nach ionann na fíorais atá i gceist ach go bhfuil siad cosúil lena chéile amháin. Go deimhin, tuigtear céannacht na bhfíoras ábhartha mar thacar imthosca nithiúla a eascraíonn as imeachtaí arb ionann iad, go bunúsach, a mhéid a luaitear an déantóir céanna ina leith agus go bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile ó thaobh ama agus spáis de (breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, míreanna 36 agus 37).
- 54 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur bhain an pionós coiriúil a forchuireadh ar Dranken Van Eetvelde, tar éis é a chiontú sna himeachtaí coiriúla ar cuireadh clabhsúr leo le breithiúnas an rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, afdeling Dendermonde (an Chúirt Chéadchéime, Flóndras Thoir, Rannán Termonde) an 18 Meitheamh 2019, le calaois CBL a rinneadh sna blianta cánach 2012 go 2014. Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go mbaineann an nós imeachta riaracháin atá i gceist sna príomhimeachtaí, fiú dá measfaí gur de chineál coiriúil é, le calaois CBL a rinneadh sa bhliain chánach 2011. Dá bhrí sin, fiú dá measfaí, le linn na

mblianta cánach sin go léir, gur ghlac an chuideachta sin páirt i mbunú an chórais calaoise CBL chéanna, is amhlaidh fós go mbaineann an nós imeachta coiriúil agus an nós imeachta riaracháin le tréimhsí cánach éagsúla.

- 55 Ina theannta sin, ní bhaineann ráiteas na cúirte a rinne an tarchur go bhféadfaí a mheas, faoin dlí coiriúil náisiúnta, gur cion leanúnach le haontacht intinne iad na fíorais ábhartha a bunaíodh le linn na mblianta 2011 go 2014 chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh an choinníll ‘*idem*’ faoi dhlí an Aontais.
- 56 Dá bhrí sin, níl na fíorais a bhaineann leis na himeachtaí riaracháin atá i gceist sna príomhimeachtaí agus iad siúd a bhí ina n-ábhar do na himeachtaí coiriúla comhionann, agus mar thoradh air sin tá an coinníoll ‘*idem*’ in easnamh. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an bprionsabal *ne bis in idem* sa chás seo.
- 57 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór Airteagal 50 den Chairt a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear pionóis choiriúla agus pionóis riaracháin de chineál coiriúil a charnadh, mar thoradh ar imeachtaí éagsúla, i leith gníomhartha den chineál céanna a tharla, áfach, i mblianta cánach comhleanúnacha, atá ina n-ábhar d’imeachtaí riaracháin de chineál coiriúil ar feadh bliain chánach amháin agus d’imeachtaí coiriúla ar feadh bliain chánach eile.

An ceathrú ceist

- 58 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an tríú ceist, ní gá an ceathrú ceist a fhreagairt.

Costais

- 59 Ós rud é, a mhéid a bhaineann leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naoú Dlísheomra) mar seo a leanas:

- 1. Maidir le hAirteagal 205 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear, d’fhonn bailiú cánach breisluacha a áirithiú, do dhiandliteanas comhpháirteach agus leithleach duine inchánach seachas an dliteanas a bheadh faoi dhliteanas de ghnáth i leith na cánach sin, gan an chúirt a bhfuil dlínse aici a bheith in ann rogha a fheidhmiú i bhfianaise ranníocaíocht na ndaoine éagsúla a bhfuil baint acu le calaois chánach, ar choinníoll go bhfuil sé de chumhacht ag an duine inchánach sin a shuíomh go bhfuil aon bheart déanta aige a d’fhéadfaí a cheangal air go réasúnach a dheimhniú dó féin nach raibh na hidirbhearta a rinne sé mar chuid den chalaois sin.

2. Maidir le hAirteagal 205 de Threoir 2006/112, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na neodrachta fioscaí,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis ar fhoráil náisiúnta lena bhforchuirtear oibleagáid chomhpháirteach agus leithleach cáin bhreisluacha (CBL) a íoc ar dhuine inchánach seachas an duine a bheadh faoi dhliteanas i leith na cánach sin de ghnáth, gan ceart an duine sin CBL ar ionchur atá dlite nó íoctha a asbhaint a chur san áireamh.

3. Ní mór Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear pionóis choiriúla agus pionóis riaracháin de chineál coiriúil a dhúbailt, mar thoradh ar imeachtaí éagsúla, i gcás gníomhartha den chineál céanna a tharla, áfach, i mblianta cánach comhleanúnacha, atá ina n-ábhar d'imeachtaí riaracháin de chineál coiriúil ar feadh bliain chánach amháin agus d'imeachtaí coiriúla ar feadh bliain chánach eile.

Sínithe